

2020

# AN BEI D'AON AMHARC

An Grúpa Banc Eorpach Infheistíochta

Idir fhuinneamh glan san Eastóin, uisce óil i Leosóta agus ospidéal níos fearr sa Chróit, feabhsaíonn an Banc Eorpach Infheistíochta an saol do na milliúin daoine gach uile bhliain.

Mar bhanc aeráide na hEorpa, táimid ag déanamh ár gcion féin chun Comhaontú Pháras agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chomhlíonadh. É sin agus tugaimid ár bhfocal go gcruthóimid €1 trilliún d'infheistíocht ar son na haeráide as seo go ceann 10 mbliana.

Ó 1958 i leith, táimid ag cur idir iasachtaí agus sainchomhairle ar fáil do na mílte tionscadal i mbreis agus 160 tír. Oibrímid as lámha a chéile leis an gCoimisiún Eorpach agus le neart institiúidí eile chun infheistiú san Eoraip.

Mar an t-iasachtóir iltaobhach is mó agus is glaise dá bhfuil ann, cabhraímid le geilleagair déanamh go maith, poist a chruthú agus comhionannas a chur chun cinn. Déanaimid ár saothar a mheas trí thagairt don mhéid a chabhraíonn sé leis an tsochaí, mar is éard is aidhm le gach uile infheistíocht a dhéanaimid ná an saol a fheabhsú.



In Rijeka na Cróite, tá Ospidéal Máithreacha agus Leanaí nua ag feabhsú an tsaoil do 600 000 duine. Tá sé tacaithe ag iasacht ón BEI, mar aon le comhairle ón BEI agus ón gCoimisiún Eorpach.

# Ár dtionchar in 2019

| | |
|---|---|
| Infheistíocht<br>€280 billiún | tacaithe ag gníomhaíochtaí an BEI |
| Maoiniú €72.2 billiún | ó Ghrúpa an BEI |
| 1 095 | tionscadal sínithe |
| €50.3 billiún | tiomsaithe ar na margaí bannaí |
| Maoiniú breis is<br>€25 billiún | do ghnóthais bheaga |
| Breis is €19 mbilliún | don ghníomhú ar son na haeráide |
| Breis is €16 bhilliún | chun an comhshaol a chosaint |
| Breis is €14 bhilliún | le borradh a chur faoi nuálaíocht |
| 4.4 milliún | post coinnithe i ngnóthais bheaga |
| 10 milliún | duine ag ól uisce níos sábháilte |
| 12 milliún | duine ag fáil cúram sláinte níos fearr |
| 7.4 milliún | teach ceangailte leis an leictreachas |
| 117 milliún | duine ag fáil seirbhís mhóibíleach níos fearr |
| 631 milliún | turas sa bhreis ar chórais iompair phoiblí |
| 1.7 milliún | duine i mbaol laghdaithe tuilte |
| 5.1 milliún | $m^2$ d’fhoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh |



Ginfear 13 177 MW d’fhuinneamh in 2019 mar thoradh ar thionscadail atá tacaithe ag an BEI, is leor sin le fuinneamh a chur ar fáil do 7.4 milliún teaghlach.

# An Aeráid

Is í ceist na haeráide an dúshlán is mó atá le sárú ag ár nglúin. Is é fírinne an scéal go mbraithfidh folláine agus ionchas saoil ár leanaí uirthi. Tá ár spriocanna aeráide agus fuinnimh ag ardú na gcaighdeán san Eoraip agus níos faide i gcéin. Sula i bhfad éireoimid as tacú le breoslaí iontaise agus díreoimid 50% dár gcuid infheistíochtaí ar ghníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht.

Cabhraímid le dul i ngleic le héifeachtaí an athraithe aeráide ar phobail leochaileacha, bithéagsúlacht a chosaint agus an fheirmeoireacht inbhuanaithe a chur chun cinn. Déanaimid acmhainní nádúrtha a chaomhnú chomh maith agus cosnóimid an comhshaol do na glúnta atá le teacht. Cuirimid an aeráid i lár an aonaigh i ngach a ndéanaimid. Gach uile thionscadal a dtacaímid leis i réimsí na nuálaíochta, na ngnóthas beag agus an infreastruchtúir, caithfidh sé a bheith ag teacht lenár spriocanna aeráide.



Le tacaíocht ón BEI, tá Elcogen, cuideachta san Eastóin, ag tabhairt leictreachas éifeachtúil, glan atá bunaithe ar chealla breosla chun an mhórmhargaidh.

# An Nuálaíocht

Coinníonn an nuálaíocht an Eoraip iomaíoch agus cruthaíonn poist ardluacha, leis. Cumasaíonn Grúpa an BEI do chuideachtaí Eorpacha na teicneolaíochtaí is úire a fhorbairt. Tugaimid an chumhacht do ghnóthais leas a bhaint as na smaointe ceannródaíocha atá acu.

Tacaíonn an Banc le taighde agus forbairt ar an mórchóir, mar aon le sainghnólachtaí beaga. Nuair a dhéanaimid infheistíochtaí in earnálacha amhail teileachumarsáid, eitlíocht, leigheas agus digitiú, mealltar tuilleadh maoinithe ón earnáil phríobháideach.

Is iomaí céim forbartha a dtacaímid léi. A bhuíochas le hiasachtaí ón mbanc, is féidir le hollscoileanna saoráidí taighde a thógáil agus a fhorbairt, agus is féidir le gnóthais nuathionscanta cur lena bhfoireann agus a gcuid trealaimh a fheabhsú. Cothaímid na smaointe a fheabhsóidh an saol do chách.



San Iodáil, tacaíonn tionscadal ceannródaíoch idir an BEI agus Unicredit leis na céadta gnóthas nuálach a bhfuil mná i gceannas orthu.

# An tIonchuimsiú

Cuireann an Banc raon leathan táirgí airgeadais ar fáil ar théarmaí fabhracha. Cuirimid iasachtaí ar fáil sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon. Tugaimid cumhacht do ghnóthais beaga agus daoine óga. Tacaímid le banfhiontraithe rochtain ar iasachtaí agus poist cheannasaíochta. Cuirimid ar chumas daoine ar ioncam íseal, daoine féinfhostaithe agus micrifhiontar teacht ar mhaoiniú agus comhairle ghnó. Déanaimid cinnte de nach bhfágtar aon duine ar gcúl.

Ní thugann an BEI níos mó ná leath de chostas an tionscadail ar iasacht. Ar an gcaoi sin, is féidir linn an earnáil phríobháideach a spreagadh chun a bheith páirteach freisin agus tuilleadh airgid fós a mhealladh isteach. Cuirimid cúnamh teicniúil ar fáil freisin d'fhonn a cinntiú go n-éireoidh le tionscadal.



Tá tionscadal forbartha de chuid an BEI i Leosóta na hAfraice ag tabhairt uisce óil glan agus sláintíocht chuig 300 000 duine in go leor áiteanna sna hísealchríocha.

# An Inbhuanaitheacht

Eisíonn an BEI bannaí ar na margaí caipitil idirnáisiúnta chun airgead a thiomsú. Fágann an rátáil chreidmheasa den scoth atá againn go n-éiríonn linn airgead a thiomsú ar rátaí maithe. Cuirimid na buntáistí sin ar aghaidh chuig ár gcuid cliant.

Saineolaithe margaidh caipitil dár gcuid a cheap agus a d’fhorbair an chéad mhargadh bannaí glasa agus inbhuanaithe. Táimid ar an eisitheoir fornáisiúnta bannaí glasa is mó dá bhfuil ann anois. Tacaíonn na bannaí sin le fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh, uisce glan agus sláintíocht. Déanaimid cinnte de gur réiteach le dealramh an maoiniú inbhuanaithe.

# Ár nGealltanas

Táimid follasach agus freagrach as ár ngníomhaíochtaí go léir. Is comhpháirtí den scoth muid mar gheall ar na hardchaighdéain chomhshaoil agus shóisialta atá againn. Tá foireann ardoilte, dhíograiseach againn, atá comhdhéanta d’eacnamaithe, innealtóirí, anailísithe airgeadais agus speisialtóirí aeráide ó chúlraí éagsúla a oibríonn gach lá le saineolaithe, institiúidí agus rialtais áitiúla ar fud na cruinne.

Le tuilleadh eolais a fháil faoina gcuirimid ar fáil, téigh chuig **www.eib.org/products.**

**An Banc Eorpach Infheistíochta**
info@eib.org
**www.eib.org**

An Banc Eorpach Infheistíochta
Banc an AE

#Believe InSmall

Is éard atá i nGrúpa an BEI ná an Banc Eorpach Infheistíochta (an BEI) agus an Ciste Eorpach Infheistíochta (an CEI).

Is é an BEI banc an Aontais Eorpaigh. Tá sé ar an iasachtaí agus iasachtóir iltaobhach is mó dá bhfuil ann. Cé gur i Lucsamburg atá an BEI lonnaithe, tá líonra mór oifigí áitiúla agus réigiúnacha aige ar fud na hEorpa agus níos faide ó bhaile.

Tacaíonn an CEI le gnóthais bheaga san Eoraip agus i roinnt tíortha taobh amuigh den Eoraip teacht ar mhaoiniú. Déanann an CEI caipiteal fiontair agus fáis, urrúis agus ionstraimí micrea-airgeadais a dhearadh agus a fhorbairt d'fhonn nuálaíocht agus fostaíocht a chur chun cinn.

© An Banc Eorpach Infheistíochta, 2020
Grianghraif: GettyImages, Shutterstock

Arna chur i gcló ar Condat Silk FSC Mix.
Úsáideann an BEI páipéar atá deimhnithe ag an gComhairle um Maoirseacht Foraoisí (FSC). Déanaimid amhlaidh toisc gur daoine ar breá leo crainn a dhéanann é.

Arna chur i gcló ag Imprimerie Centrale

FSC www.fsc.org MEASCÁN Páipéar ó fhoinsí freagracha FSC® C103749

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 02/2020 | print: | QH-04-20-021-GA-C | ISBN 978-92-861-4557-5 | doi:10.2867/545403 |
| | pdf: | QH-04-20-021-GA-N | ISBN 978-92-861-4513-1 | doi:10.2867/083714 |